

❖ An Lúibín ❖

12 Deireadh Fómhair 2012

Conas Joyce a léamh

Tugann Bloomsday a lán rudaí in éineacht leis in Melbourne, agus dhá chúrsaí léitheoireachta *Uiliséas* ina measc. Pléifear an Seoigheach mar cheannródaí a bhris seanrialacha na litríochta agus conas a rinneadh comhartha suaithiantais na ceannródaíochta de, d'ainneoin a raibh de mhoill ar na hacadóirí ag cur suime ina shaothar.

Beidh an chéad chúrsa ar siúl Dé Domhnaigh 11 Samhain ó 10.00 am go dtí 5.00 pm ag an gClub Ceilteach. Cúrsa é atá oiriúnach do dhaoine a rinne an cúrsa tosaigh i Mí na Feabhra agus i Mí Mhárta i mbliana, ach beidh fáilte roimh dhaoine a bhfuil eolas maith acu ar an leabhar. Féach an pdf agus an suíomh seo:

<http://www.bloomsdayinmelbourne.org.au/courses.htm>

Más áil leat an cúrsaí tosaigh a dhéanamh, beidh sé ar siúl arís an bhliain seo chugainn – Dé Domhnaigh 13 Feabhra 2013 ag an gClub Ceilteach. Féach <http://www.bloomsdayinmelbourne.org.au/bookings.htm>.

An Dr Frances Devlin-Glass a bheidh i gceannas na gcúrsaí, agus beidh teorainn dhocht le líon na ndaoine a bheidh iontu chun beocht a chur sa díospóireacht. Beidh ranganna breise ann más gá.

Breis eolais: Sian.Cartwright@scseec.edu.au

Advanced-Joyce-cou
rse-2012-1.pdf



An Ghaeilge sa Ré Dhigiteach

Tá tuarascáil dátheangach tar éis teacht amach: *An Ghaeilge sa Ré Dhigiteach*. Is iad na húdair John Judge, Ailbhe Ní Chasaide, Rose Ní Dhubhda, Kevin P. Scannell agus Elaine Uí Dhonnchadha, agus deir siad gur beag tacaíocht atá le fáil ag an nGaeilge ina lán réimsí digiteacha – aistriúcháin uathoibrítheach, idirghníomhaíocht urlabhra, anailís ar théacs agus acmhainní teanga.

Le 60 bliain anuas, a deir siad, tá an Eoraip ag teacht chun cinn mar struchtúr polaitiúil agus eacnamaíoch, ach éagsúlacht mhór ag baint léi i ngnóthaí cultúir agus teanga. Dá bhrí sin, bíonn baic theanga ann. Mar sin féin, tig le teicneolaíocht teanga (TT) agus taighde teangeolaíoch cabhrú leis na teorainneacha a sháru, agus d'fhéadfadh sé a bheith ina droichead idir teangacha na hEorpa faoi dheireadh. Ach níl an cuspóir seo á bhaint amach ag na huirlisí aistriúcháin uathoibríche agus próiseála urlabhra atá ar an margadh faoi láthair. Deir na húdair nach dtig linn a thuar cén chuma a bheidh ar an tsochaí faisnéise feasta. Is dócha, áfach, go bhfuil an réabhlóid seo i dteicneolaíocht chumarsáide ag tabhairt daoine a labhraíonn teangacha difriúla le chéile ar bhealaí nua.

Deir siad go gceannaíonn 57% d'úsáideoirí an Idirlín san Eoraip earraí agus seirbhísí i dteangacha nach iad a dteanga dhúchais iad, de réir tuarascáil nua ó Choimisiún na hEorpa. An Béarla, ar ndóigh, an teanga iasachta is coitianta, agus ansin an Fhraincis, an Ghearmáinis agus an Spáinnis. Léann 55% d'úsáideoirí ábhar i dteanga iasachta, ach ní úsáideann ach 35% teanga eile mar mheán teachtaireachtaí nó tráchttaireachta ar an ngréasán. Roinnt blianta ó shin ba é an Béarla francbhéarla an ghréasán ach tá méadú as cuimse tagtha ar ábhar ar líne i

dtéangacha eile na hEorpa (mar aon le teangacha na hÁise agus an Mheánoirthir). Deir na húdair go dtarraingíonn sé sin ceist thábhachtach anuas: Cé na teangacha Eorpacha a thiofadh faoi bhláth ar an dóigh seo?

Deirtear sa tuarascáil go bhfuil an réimse leathan teangacha san Eoraip ar cheann de na buntáistí cultúrtha is mó aici. Is é an bealach is fearr chun leas a bhaint as teangacha na hEorpa an teicneolaíocht chuí a úsáid, díreach mar a bhaintear úsáid as an teicneolaíocht i gcúrsaí iompair, fuinnimh agus míchumais. Maidir le Gaeilge, caithfear iarracht mhór a dhéanamh acmhainní TT a chruthú. Ní foláir bonneagar nua agus eagraíocht taighde a chur ar bun chun comhoibriú agus comhdháileadh a spreagadh i bhfianaise chastacht na gcóras teicneolaíochta teanga. Ní mór chomh maith an pobal a choinneáil ar an eolas faoin scéal de réir mar atá dul chun cinn á dhéanamh.

Is é tuairim na n-údar go bhfuil easpa leanúnachais ar mhaoiniú taighde agus forbartha. Cláir ghearrthéarmacha go háirithe atá thíos leis seo, agus is minic a chailleann na Ghaeilge léim an dá bhruach. Ní thugann coistí maoinithe aird ar an nGaeilge i gcúrsaí eolaíochta agus teicneolaíochta, ná i gcúrsaí taighde ach oiread. Ó ghrúpaí a phléann leis an nGaeilge a thagann don chuid is mó de mhaoiniú TT na Gaeilge agus níl sé de nós acu tacú le taighde. Ní foláir do thaighdeoirí an t-uafás ama a chaitheamh ar thóir airgid.

Deir an tuarascáil gurb é an deacracht a bheidh ann i ngnóthaí oideachais mic léinn a bhfuil an-Ghaeilge acu agus an-suim acu inti a mhealladh chun cúrsaí a bhaineann le TT. Tá an-tábhacht le cainteoirí dúchais maidir leis seo. Téann a lán mac léinn i mbun an Léinn Éireannaigh ach is ar an litríocht agus ar ghnéithe stairiúla agus cultúrtha na teanga a chuirtear béim sna hollscoileanna. Caithfear iarracht ar leith a thabhairt chun mic léinn a mhealladh chun staidéar a dhéanamh ar theangeolaíocht eimpíreach.

Admhaíonn údair na tuarascála go bhfuil na deacrachtaí céanna ag mórán teangacha Eorpacha eile. Ach tá níos mó cainteoirí ag na teangacha úd; níl orthu dul in iomaíocht le teanga ar nós an Béarla a bhfuil an oiread sin acmhainní acu agus ní mionteangacha iad ina réigiún féin. Ní call dá bhformhór ach oiread fadhbanna teangeolaíochta agus sochtheangeolaíochta a sharú mar is gá don Ghaeilge. Deir na húdair nach féidir forbairt TT don Ghaeilge a fhagáil faoi fhorsaí an mhargaidh: caithfidh Rialtas na hÉireann a chion féin a dhéanamh chun an TT a chur chun cinn. Caithfidh gach dream a bhfuil baint acu leis an scéal dul i gcomhar le chéile chuige.

Tá sé de bhuntáiste ag Éirinn go bhfuil an teicneolaíocht faisnéise (TF) láidir go leor ann. Tá an t-eolas ann: ní deacair, mar sin, é a úsáid chun treisiú le teicneolaíochtaí eile. (Cuimhnimis freisin go rachadh sin ar sochar don Ghaeilge ar fud an domhain.)

An focail scoir: más mian leat an tuarascáil a léamh, seachain an leagan Gaeilge – tá sé millte ag Béarlachas agus breac le botúin. An leagan Béarla an ceann is soléite.

Féach <http://www.meta-net.eu/whitepapers/e-book/irish.pdf>



Cumadóirí mná agus an Ghaeilge 1550 – 1850

Ba dhream iontu féin na filí gairmiúla agus a ndaltaí anuas go dtí an 17ú haois in Éirinn: baicle léannta a tharraing chucu féin dinnseanchas, finscéalta agus ginealaigh na tíre nar ábhar. Shoiléirigh siad brí agus bunús an tsaol úd de réir tuiscint áirithe ar an dúchas. Thuig siad go raibh an tír beo le finscéalta agus gurbh iad na finscéalta sin fíorchuimhne na tíre; thuig siad freisin nár chóir dá gceird teacht gan duais. Na mná uaisle a tógadh sa chultúr sin bhí a rian sin ar a saothar agus iad i mbun pinn – an sainfhriotal, an aigne ghrinn. Ach b'annamh an fhilíocht mar ghairm acu; b'uirlis í a shoiléireodh tocht a gcroí.

Tá cruthú agus dearbhú a n-éirime siúd le fáil ina bhfuil fanta againn dá saothar. Níl againn ach roinnt bheag ainmneacha. Orthu sin tá Fionnghuala Ní Bhriain (c. 1557-1617), bean a phós trí huaire (ní raibh aon bhac ar cholscaradh sa seansaol) agus a chum dán ag caoineadh an tríú fear aici, Uaithne Mór Ó Lochlainn, taoiseach sa Bhoireann. I gcaisleán Shean-Mhuicinis láimh le Baile Uí Bheacháin i gContae an Chláir a bhí siad ina gcónaí. Ba bhreá léi an caisleán úd, ach nuair a cailleadh Uaithne sa bhliain 1617 bhí uirthi imeacht lena spré. Maireann an caoineadh úd fós: 'A nAinm an Spioraid Naoimh h'Imríge 'Uaithne'.

Bhí an grá cúirtéiseach ina chuid den dúchas fós, cé leis an fir is mó a luaitear anois é. Ach d'fhág Isibéal Ní Mhic Cailín (fl.1600?) dán cúrialta grá againn, agus is dócha go raibh a leithéidí eile ann, cé go bhfuil a gcuid dánta ar bóiléagar anois:

Mairg darab galar an grádh,
gibé fáth fá n-abraim é;
is deacair sgarthain re a pháirt,
truagh an cás a bhfuilim féin...

Brighid Nic Gearailt (c.1589-1682) ansin, iníon le hÉinrí, an 12ú Iarla Chill Dara agus le Frances Howard, iníon Iarla Nottingham. Í ina nasc idir dhá shaol, mar sin, agus gan deis aici éalú ó iarsmaí polaitiúla an scéil. Cailleadh Éinrí sa bhliain 1597, agus phós Brighid Ruairí Ó Domhnaill, Iarla Thír Chonaill. Rug sí mac, Aodh, sa bhliain 1606 ach d'éalaigh a fear céile sa bhliain 1607 in éineacht le hAodh Rua Ó Néill. Í ag iompar clainne ag an am agus Ruairí ag súil go leanfadh sí é, rud nár tharla. B'éigean di dul go dtí Sasana, áit ar rug sí iníon. Cailleadh Ruairí agus d'fhill Brighid ar Éirinn sa bhliain 1609. Phós sí an Ridire Nioclás Barnewall agus rugadh naonúr clainne dóibh. Tá dán againn ó lámh Bhrighid agus seo an cheathrú dheiridh:

Mo shloinneadh ní chluinfe cách
uaimse go dtile an lá inné;
atá mh'ainm, cibé lerb áil,
ar mhnaoi de mhnáibh fhlaithis Dé.

Tá an blas pearsanta arís ar shaothar banfhile eile, Caitlín Dubh ó Chontae an Chláir (c.1624-1629). Is léir ó na cúig chaoineadh liteartha atá ar marthain óna lámh gur bhain sí le muintir Bhriain go háirithe, agus go raibh tionchar ag filíocht na scol ar a saothar, cé gur scríobh sí féin i meadracht aiceanta den saghas a chleachtadh filí neamhghairmiúla (agus filí na scol freisin, is dócha, ó am go ham). Seo ag caoineadh Dhonnchaidh, Iarla Thuamhumhan, í:

Créad b'áil liom dá n-áireamh ré chéile
's nach bhfuil ceann baile, bealaigh ná sléibhe
Nach raibh aithne ar brataibh an tréinfhir...

Clú eile a bhí uirthi féin agus ar a hiníon Caitlín Óg sa bhéaloides - iad a bheith ina mná feasa nó ina nglartáin a bhí in ann ag na mná sí féin.

Níorbh fhile í Mary Bonaventure Browne (c.1611-c.1693) ach bean rialta agus scríbhneoir próis - dhá cheird a raibh dlúthbhaint acu le chéile ina cás-sa. Ceannaí gustalach i nGaillimh ba ea a athair agus chuaigh sí féin isteach i Siúracha Bochta Naomh Clára. Ní miste a chuimhneamh gur de na sean-Ghaill a muintir agus muintir fhormhór na mban rialta eile, ach bhí an Ghaeilge fite fuaite ina saol. I gclochar Bheithil láimh le Baile Átha Luain a bhí sí go dtí an bhliain 1647 agus ceapadh ansin ina ban-ab i nGaillimh í. Bhí na Proinsiasaigh ag aistriú bhunreacht an oird agus cáipéisí eile go Gaeilge, agus thug sí léi go dtí Gaillimh an chóip a rinne Micheál Ó Cléirigh (duine de na Ceithre Máistrí) sa bhliain 1636 dá raibh déanta. Bhí a lán le haistriú fós, agus chuir sí an Dubhaltach Mac Fhirbhisigh, scoláire suntasach eile, i gceann na hoibre. As sin tháinig 'Riaghail ar Máthar Naomtha S. Clára ar na tionntúdh i ngaoidhílic as bérla,' cáipéis a chruthaigh nach ndéanfadh Béarla an gnó fiú i measc daoine a raibh (mar ba dhóigh leat) an teanga sin mar oidhreacht acu. Ghéill Gaillimh d'arm na Parlaiminte sa bhliain 1652 agus theith na mná rialta go dtí an Spáinn, áit ar cailleadh an Mháthair Bonaventure sa bhliain 1694, más fíor, nó chomh déanach, b'fhéidir, leis an mbliain 1703. Deirtear gur fhág sí croinic an-mhór i nGaeilge ina diaidh, saothar a scriosadh i nGaillimh le linn an chogaidh sa bhliain 1691 ach a chiallaigh gur phrósóir mná i nGaeilge í i ré a raibh a leithéidí thar a bheith neamhchoitianta.

File ba ea Úna Ní Bhroin, a phós Séan Ó Neachtáin, ball de mhuintir a bhí ag saothrú léann agus litríocht na Gaeilge i mBaile Átha Cliath. Timpeall na bliana 1670 chum sí dán deas ceanúil dá fear céile:

Ó thugas mo ghrá dhuit, mo lámh is mo ghealladh,
aon uair amháin duit, a Sheáin óig Uí Neachtain,
ar chomhairle mo chairde mo pháirt leat ní scarfad,
mar b'fhéarr liomsa láimh leat ná in áras na n-aingeal...

Phós Tadhg, mac Sheáin, Máire Ní Reachtagáin (a cailleadh sa bhliain 1733). B'fhile ise freisin. Fuair a deartháir Seoirse bás sa bhliain 1725 agus chaoin sí é i ndán ceardúil croibhriste:

M'ábhar bróin go deo na díle
Mo ghar-bhráthair catach dílis,
Seoirse, stór is lón mo mhiangais,
Reachtagáin nár cháin ach daoithe...

Iníon le hAodh Buí Ó Cruitín, file mhuintir Uí Bhriain, ba ea Úna Ní Chruitín, agus áitítear go raibh meas aici uirthi féin mar file gairmiúil agus ceart aici ar phátrúnacht dá bharr – rud an-neamhchoitianta i gcás mná. Seo anois í ag labhairt le hEisibéal Ní Bhriain (c. 1740) agus í ag iarraidh a cirt mar fhile:

A bhuime den bhród mhórdha ba rathamhail réim
Is de chruithneacht na slógh sróillgheal ba sleachtamhail saor
Ba coimirce mhór d'ordaibh 's ba ceanamhail céim
Cá duine dem shórt beo anois gan mearughadh i méin?

Bhí an-ghlaoch ar amhrán Seacaibíteach, 'Stadaidh bhur ngéarghol, a ghasra chaomhdha,' a chum Eibhlín Ní Choillte (a dtugtar Eibhlín Ní Eachiarainn uirthi i lámhscríbhinní éigin) timpeall na bliana 1745. B'as Cathair Druinge gar do Bhaile Mhistéala di, más fíor. Ní fios cá mhéad amhrán a chum sí san iomláine.

Casfaid na Séamais le feartaibh an Aonmhic
Is stadfaidh go héasca bhur n-ardchaoi,
Cé gur fada go faon sibh ag tarraing na cléithe
Is bhur mbailte ag méirligh gan fáil dlí:
Níl spreallaire craosach léir spalpadh an t-éiteach
Nach gcaithfeas de léim dul i mbarr claí
Le heagla Shéarlais an faraire tréitheach
Is glanfar as Éirinn leis Seán Buí...

Bhí cáil mar chumadóir bisiúil ar Mhuimhneach eile, Máire Ní Dhonnagáin, a bhí beo go fóill sa bhliain 1760. B'as ceantar Shliabh gCua i gContae Phort Láirge di, agus tá cúpla dán dá cuid ar fáil go fóill. Caoineadh a rinne sí dá deartháir is ea ceann acu agus dán dar teideal 'An Peacach' an ceann eile. Deirtear sa lámhscríbhinn úd gur 'dhiúltaigh an Eaglais a glacadh chum faoistine' - rud a mbeadh scéal suimiúil ag roinnt leis, gan amhras.

Iníon le fear uasal i gContae Lú a bhí ina fhile agus ina chláirseoir ba ea Máire Nic a Liondain (fl. 1771). Níor tháinig sí slán ó ghalar na bhfocal, agus uirthise a leagtar an t-amhrán 'Coillte Glasa an Triúcha,' amhrán i bhfoirm comhrá idir fear óg agus cailín. Tá leaganacha difriúla den amhrán ann, ach glactar leis go coitianta gurbh í Máire an t-údar.

Dar mo láimh duit, a chailín, má ghluaisfir chun bealaigh
Go bhfuighidh tú an uile shúgradh,
Céim, ól agus imirt, pléisiúr go deimhin
Is féachaint mara agus cuain liom;
Níl traona nó truideog, smaolach no fuiseog,
Nó cuach bhinn bhlasta chumhra,
Nach mbeidh dhuit i gceiliúr, is téada dá seinm
Fa choilltibh glasa an Triúcha...

Ba threise cumadóireacht na mban sa traidisiún béil faoin am seo, go háirithe i nguth fiáin dorcha na caointeoireachta. Ba í sin ealaín na mban thar aon ealaín eile, guth a sháraigh gach cosaint agus a rinne neamhshuim de ghreantacht mhín na scol. Ar 'Chaoineadh Airt Uí Laoghair' is mó atá clú - saothar a d'eascair ó mharú Airt Uí Laghaire i gContae Chorcaí sa bhliain 1773 agus a leagtar, de ghnáth, ar a bhean chéile Eibhlín Dubh Ní Chonaill (c.1743-c.1800). Bhain an bheirt acu le mionuaisle Chaitliceach na háite, dream a raibh taithí acu ar shaol na Gaeilge agus an Bhéarla araon, agus ar ghnóthaí na hEorpa. Tá scoláirí ann a deir nach gá gurb í

Eibhlín Dubh féin a chum an caoineadh (a bhfuil leaganacha difriúla de ann) ach is beag duine a shéanfadh nach bhfuil sé ar na dánta fada is fearr agus is tochtmhaire a d'fhág an ré úd againn.

Mo chara agus mo lao tú
Is aisling trí néaltaibh
A rinneadh aréir dhom
I gCorcaigh go déanach
I leaba im aonar
Gur thit chúirt aolda
Gur chríon an Gaortha
Agus nár fhan friotal id chaolchoin
Ná binneas ag éanaibh
Nuair a fuaradh tú traochta
Ar bholg an tsléibhe amuigh
Gan sagart gan cléireach
Ach seanbhean aosta
Do leath binn dá bréid ort
Nuair a fuadh den chre tú...

De ghlúin eile ba ea máthair Dhiarmaid Mhic Chárthaigh, ceannaí i gCorcaigh. Maraíodh é de thimpiste timpeall de bliana 1860, agus rinne a mháthair (nach fios cén t-ainm a bhí uirthi) caoineadh breá:

Mo ghrá is chumann thú,
Is róbhreá a measas duit
Go mbeadh bóithre dá nglanadh romhat,
Falláí dá ngealladh romhat,
Súirt dá leathadh romhat
Ag tabhairt mná abhaile leat,
Seachas tú bheith ar a aiste seo
Idir búrthaí Sasanaigh
Agus clann ceannaithe
Id ualach ceathrair
Ag fágáil na cathrach –
Gura maith agaibhse
Ó ráiníos eadraibh
Ó bhí sé d'easpa orm –
Ach Rí na Fairsinge...

Rinneadh na mílte caoineadh eile roimhe sin ar an dóigh chéanna, cé nach fios anois cad a dúradh iontu ná cé chum.

Máire Bhuí Ní Laoghaire (1774-c.1848) a chum an t-amhrán mór 'Cath Chéim an Fhia' a chuireann síos ar chomhrac idir giománaigh agus Buachaillí Bána ar 11 Eanáir 1822. I gContae Chorcaí a rugadh í agus d'éirigh sí féin agus a fear céile saibhir go leor. Tháinig tiarna talun nua agus d'iompaigh an roth orthu: scaip a gclann de bharr an chomhraic. Ní raibh léamh ná scríobh aici ach bhí sí in ann amhrán greanta a chumadh a raibh rian an traidisiúin liteartha air. Is iomaí dán a rinne sí.

An liú gur leath i bhfad i gcéin, is é duirt gach flaith gur mhaith leis triall,
gluaisídh go mear, tá an cath á riar is téimís ina chomhair,
thánadar na sárfhír, guím áthas ar Chlanna Gael,
thiomáineadar na páiní le fána ar seol...

Is féidir, mar sin, saothar na mban a roinnt ina thrí shaghas: litríocht scríofa, idir fhilíocht agus phrós, a bhaineann le traidisiún léinn; amhráin a bhfuil rian an traidisiúin sin orthu fiú nuair nach raibh léamh ná scríobh ag lucht a ndéanta; agus an rud is ársa – an chainteoireacht. Is é an mothú pearsanta (mar a dúradh thuas) príomhthréith fhilíocht na mban úd, rud a d'fhág ar chiumhais na héigse iad. Ní hé nach gcuirfeadh fir na scol an mothú sin in iúl dá mba ghá (féach Ó Maoil Chiaráin ag caoineadh a mhic in 'Mo chalann atá gan treóir'), ach bhí

a mbunsaothar fite i gliathrach sinseartha an léinn. Ar éigean a bhí baint ag na mná leis sin mar ghairm, ach d'fhág sé a rian orthu le fada an lá, rud a lig díobh friotal greanta a chur ar thocht a gcroí. Arís, scéal eile ba ea an chaoiteoireacht – foirm shimplí an-ársa, dhá bhéim i ngach líne, a cuid sean-nósanna agus sean-abairtí féin aici, í ag ruaigeadh roimpi tríd an mbuairt, tríd an bhfearg, go dtí suaimhneas cráite an chlabhsúir.

Ní in Éirinn amháin, ar ndóigh, a fágadh na mná i leataobh i gcúrsaí litríochta. Ní dóichí rud ná go raibh mná eile ann a chuir peann le pár i nGaeilge, cé nach bhfuil trácht orthu anois. Is fada, ar ndóigh, atá aitheantas tugtha do ghuth na mban sa chaoiteoireacht; agus is deacra anois gan aird a thabhairt ar ghuth na mban sa litríocht scríofa, a bhuíochas sin ar antalóg *Field Day* (2002), i measc rudaí eile. Ní dócha faoi láthair go dtiocfar ar mhórán eile den litríocht sin, ach bíodh súil againn leis an rud gan choinne; agus cuimhnimis i gcónaí ar an méid di atá aginn cheana.

Féach:

Ainm.ie (Beathaisnéisí Gaeilge): www.ainm.ie.

Ó Rathile, Tomás. *Dánta Grádha*. Cló Ollscoil Chorcaí, 1926, athchló 1968, 1976.

The Field Day Anthology of Irish Women's Writing and Traditions Vol IV. New York University Press 2002.

Knott, Eleanor. *Irish Syllabic poetry 1200-1600*. Dublin Institute for Advanced Studies 1981.



Seanfhocal i gceann de sheanchanúintí Chúige Laighin:

Ní rinn tóin le talamh gnótha tapaidh riamh.

Féach Daithí Ó hÓgáin, *Téacsanna agus Cainteanna ó shean-Chúige Laighin*, Coiscéim 2011

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@optusnet.com.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@optusnet.com.au .

Leaganacha simplithe

An Ghaeilge sa Ré Dhigiteach

Tá tuarascáil dhátheangach tar éis teacht amach: *An Ghaeilge sa Ré Dhigiteach*. Deir sí gur beag tacaíocht atá le fáil ag an nGaeilge i gcúrsaí digiteacha.¹ Tá éagsúlacht mhór ag baint leis an Eoraip i gcúrsaí cultúir agus teanga. Is féidir leis an teicneolaíocht teanga na difríochtaí sin a shárú.

Ceannaíonn 57% d'úsáideoirí an Idirlín san Eoraip earraí agus seirbhísí i dteangacha nach iad a dteanga dhúchais iad. Is é an Béarla an teanga iasachta is coitianta. Ach tá méadú mór tagtha ar ábhar ar líne i dteangacha eile na hEorpa.

Deir an tuarascáil gur mór an buntáiste é an oiread sin teangacha a bheith ann. Caithfear feidhm a bhaint as an teicneolaíocht chuí chun leas a bhaint as² an mbuntáiste sin. Maidir le Gaeilge, caithfear iarracht mhór a dhéanamh acmhainní teanga a chruthú. Ní foláir bonneagar³ nua agus eagraíocht taighde a chur ar bun. Ach in Éirinn is deacair maoiniú fadtréimhseach⁴ a fháil.

Caithfear mic léinn a bhfuil Gaeilge mhaith acu a mhealladh chun teicneolaíocht teanga. Ar an litríocht is mó a chuirtear béim sna hollscoileanna.

Deir an tuarascáil go bhfuil na deacrachtaí céanna ag mórán teangacha Eorpacha eile. Ach tá níos mó cainteoirí ag na teangacha sin. Níl orthu dul in iomaíocht le teanga mhór. Ní gá dóibh fadhbanna teangeolaíochta a fhuascailt mar is gá don Ghaeilge. Caithfidh Rialtas na hÉireann, mar sin, cuidiú le teicneolaíocht teanga.

Tá sé de bhuntáiste ag Éirinn⁵ go bhfuil an teicneolaíocht faisnéise láidir go leor ann. Is féidir í a úsáid chun cuidiú le teicneolaíochtaí eile (agus rachadh sin ar sochar don Ghaeilge ar fud an domhain).

Cumadóirí mná agus an Ghaeilge 1550 – 1850

Ba dhream iontu féin na filí gairmiúla in Éirinn fadó. Ar éigean a bhí baint ag na mná leis an gceird sin. Ach chumaidís filíocht mar sin féin chun a dtocht⁶ a chur in iúl. Mná den uasaicme a rinne é sin sa séú haois déag agus sa seachtú haois déag.

Tá cuid de na dánta a chum siad ann fós. I measc na bhfilí mná⁷ sin bhí Fionnuala Ní Bhriain (c.1557-1617), bean uasal a scríobh dán i gcuimhne a fir chéile. Tá dán againn freisin a scríobh Isibeul Ní Mhic Cailín timpeall na bliana 1600 – dán faoi 'ghalar an ghrá'. Bhí bua na cumadóireachta ag Bríd Nic Gearailt, bean uasal a raibh baint aici le hÉirinn agus le Sasana agus a d'fhág dán amháin ina diaidh.

Sa seachtú haois déag bhí Caitilín Dubh (c.1624-1629) le fáil ó Chontae an Chláir. Scríobh sí a lán dánta ag caoineadh daoine uaisle. Bhí siad i meadracht aiceanta⁸ a bhí difriúil leis na seanmheadrachtaí deacra léannta. Bhí clú uirthi féin agus ar a hiníon Caitilín Óg sa bhéaloidas mar mhná feasa.

Scribhneoir próis ba ea Mary Bonaventure Browne (c.1611-c.1693). Bhí sí ina bean rialta. Bhain leis na sean-Ghaill⁹ ach bhí Gaeilge ar a toil aici mar a bhí ag a leithéidí eile. Chaith sí tamall sa Spáinn agus d'fhill ar Éirinn. Deirtear gur fhág sí croinic mhór i nGaeilge ina diaidh, cé gur scriosadh í sna cogáí.

¹ I gcúrsaí digiteacha – in matters digital

² Leas a bhaint as – get the greatest benefit from

³ Bonneagar - infrastructure

⁴ Fadtréimhseach – long-term

⁵ Tá sé de bhuntáiste ag Éirinn – it is to Ireland's advantage

⁶ A dtocht – their emotions

⁷ Filí mná – women poets: noun (mná) used as adjective

⁸ Aiceanta – accentual (as opposed to syllabic)

⁹ Sean-Ghaill – Old English (of English descent but long resident in Ireland)

Bhí a lán ban ina bhfilí san ochtó haois déag. Bhain Úna Ní Bhroin agus a banchliamhain¹⁰ Máire Ní Reachtagáin le muintir Neachtain, lucht léinn na Gaeilge i mBaile Átha Cliath. Bhí siad araon ina bhfilí breátha. Bhain bean eile, Úna Ní Chruitín, le teaghlach filí gairmiúla, agus scríobh sí filíocht a raibh blas an léinn uirthi. Chum Eibhlín Ní Choillte amhrán cáiliúil Seacaibíteach, agus tá roinnt dánta againn ó lámh mná eile - Máire Ní Dhonnagáin. Bhain Máire Nic a Liondain le teaghlach eile a raibh clú na filíochta orthu, agus uirthise a leagtar¹¹ an t-amhrán cáiliúil 'Coillte Glasa an Triúcha,' amhrán i bhfoirm comhrá idir fear óg agus cailín.

Bhí an chaointeoireacht¹² láidir fós, filíocht bhéil¹³ arbh iad na mná ba mhó a chumadh í. Is é an caoineadh is cáiliúla 'Caoineadh Airt Uí Laoghaire,' ceann a chum Eibhlín Dubh Ní Chonail (c.1743-c.1800). Bailíodh roinnt caointe breátha eile chomh maith.

Ní raibh léamh ná scríobh ag Máire Bhuí Ní Laoghaire (1774-c.1848), ach bhí sí go maith chun filíocht a chumadh. Ise a chum 'Cath Chéim an Fhia,' amhrán a chuireann síos ar chomhrac idir giománaigh¹⁴ agus Buachaillí Bána i gContae Chorcaí sa bhliain 1822.

¹⁰ Banchliamhain – daughter in law

¹¹ Uirthise a leagtar – to her is ascribed

¹² Caointeoireacht – folk lament

¹³ Filíocht bhéil – oral poetry

¹⁴ Giománaigh – bailiffs or hired toughs